# Maoiniú Státchiste faoin

# Reachtaíocht um an Liúntas Gníomhaíochtaí Parlaiminte

# sa bhliain 2017

*Tuarascáil chuig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe*
*de réir alt 10D den*
*Acht um Oifigí Aireachta agus Parlaiminte, 1938, arna leasú leis an Acht um an Oireachtas (Oifigí Aireachta agus Parlaiminte)*
*(Leasú), 2014*

Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí
Standards in Public Office Commission


**Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí**
**18 Sráid Líosain Íochtarach**
**Baile Átha Cliath 2**

**Teileafón: (01) 6395666**
**Ríomhphost: sipo@sipo.ie**
**Suíomh Gréasáin: www.sipo.ie**
**Twitter: @SIPOCIreland**


**Iúil 2018**

# Clár Ábhar


Brollach ..... 2

Caibidil 1: Réamhrá ..... 3

Caibidil 2: Ráitis chaiteachais a thug na ceannairí páirtí agus na comhaltaí neamhspleácha ..... 4

Cúlra ..... 4

Caibidil 3: An Liúntas Gníomhaíochtaí Parlaiminte - rátaí íocaíochta le linn na bliana 2017 ..... 6

Aguisín: Sonraí faoi chistiú agus caiteachas ..... 8

Tábla 1 Sonraí faoin maoiniú a bhí ar fáil do na Ceannairí Parlaiminteacha ar pháirtithe polaitíochta cáilitheacha faoin Liúntas Gníomhaíochtaí Parlaiminte le linn na bliana 2017 ..... 8

Tábla 2 Miondealú de réir catagóire agus páirtí polaitíochta ar chaiteachas an liúntais sa bhliain 2017 ..... 9

Tábla 3 Sonraí faoin maoiniú a bhí ar fáil do Theachtaí Dála neamhspleácha faoin Liúntas Gníomhaíochtaí Parlaiminte le linn na bliana 2017 ..... 10


Tábla 4 Miondealú ar chaiteachas an Liúntais Ghníomhaíochtaí Parlaiminte ag gach Teachta Dála neamhspleách le linn na bliana 2017 ..... 11

Tábla 5 Sonraí faoin maoiniú a bhí ar fáil do chomhaltaí neamhspleácha den Seanad faoin Liúntas Gníomhaíochtaí Parlaiminte le linn na bliana 2017 ..... 13

Tábla 6 Miondealú ar chaiteachas an Liúntais Ghníomhaíochtaí Parlaiminte ag gach comhalta neamhspleách den Seanad le linn na bliana 2017 ..... 14

# Brollach

Tá áthas orm an tuarascáil seo a thabhairt don Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe de réir alt 10D den Acht um Oifigí Aireachta agus Parlaiminte, 1938, arna leasú leis an Acht um an Oireachtas (Oifigí Aireachta agus Parlaiminte) (Leasú), 2014. Na ráitis chaiteachais agus na tuarascálacha iniúchóra phoiblí i ndáil leis an mbliain 2017 dá dtagraítear sa tuarascáil seo, tugadh iad don Choimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí de bhun alt 10B(1) agus 10B(6) den Acht.



______________________

An Breitheamh Onórach Daniel O'Keeffe
Cathaoirleach
An Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí
Iúil 2018

# Caibidil 1: Réamhrá

Íoctar liúntais bhliantúla le ceannairí páirtithe parlaiminte (i ndáil le speansas a bhaineann le gníomhaíochtaí parlaiminte, taighde san áireamh). Ceanglaítear ar cheannairí páirtí ráitis bhliantúla faoi chaiteachas a thabhairt don Choimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí (an Coimisiún um Chaighdeáin).

Ceanglaítear ar chomhaltaí neamhspleácha den Dáil agus den Seanad ráitis den sórt sin a thabhairt freisin.

Leis an Acht um an Oireachtas (Oifigí Aireachta agus Parlaiminte) (Leasú) 2014, laghdaíodh leibhéal na n-íocaíochtaí a dhéantar agus foráladh den chéad uair riamh go gceanglófaí ar chomhaltaí neamhspleácha ráiteas bliantúil ar chaiteachas a thabhairt don Choimisiún. Tugtar an Liúntas Gníomhaíochtaí Parlaiminte (LGP) ar an liúntas anois.

Is é an sainmhíniú a thugtar san Acht ar pháirtí cáilitheach ná páirtí polaitíochta, atá cláraithe i gClár na bPáirtithe Polaitíochta, a chuaigh san iomaíocht le haghaidh an olltoghcháin is déanaí nó aon fhothoghchán ina dhiaidh sin agus ar toghadh comhalta amháin ar a laghad dá chuid chuig Dáil Éireann nó a ndearnadh comhalta amháin ar a laghad dá chuid a thoghadh nó a ainmniú chuig Seanad Éireann.

Pléitear sa tuarascáil seo le ráitis chaiteachais an Liúntais Ghníomhaíochtaí Parlaiminte a tugadh don Choimisiún um Chaighdeáin don tréimhse idir an 1 Eanáir agus an 31 Nollaig 2017. Fuair sé na ráitis sin ó na ceannairí parlaiminteacha ar na hocht bpáirtí polaitíochta, ó na 14 Sheanadóir neamhspleácha agus ó na 19 dTeachta Dála neamhspleácha a fuair an liúntas sa bhliain 2017.

I gcás go bhfuil páirtí cáilitheach ar cheann amháin de na páirtithe sa Rialtas, is faoi aon trian a laghdófar na liúntais chomhcheangailte is iníoctha i leith a chuid comhaltaí sa Dáil (agus sa Dáil amháin).

Cé nach bhfuil aon ról ag an gCoimisiún um Chaighdeáin i ndáil leis an liúntas a leithdháileadh, is amhlaidh go bhfuil ról maoirseachta aige i ndáil leis an dóigh a gcaitear an liúntas. Ní mór dó ráitis chaiteachais an liúntais a fháil agus a bhreithniú agus ní mór dó, más gá, dul i gcomhairle leis na ceannairí páirtí parlaiminteacha/leis na comhaltaí neamhspleácha i ndáil le hábhair atá ina ráitis. Ní mór don Choimisiún um Chaighdeáin tuarascáil ar na ráitis a fuair sé a thabhairt don Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus cóip den tuarascáil sin a leagan faoi bhráid Thithe an Oireachtais. Ní mór dó iniúchadh ar na ráitis a tugadh dó agus cóipeáil na ráiteas sin a éascú freisin.

# Caibidil 2: Ráitis chaiteachais a thug na ceannairí páirtí agus na comhaltaí neamhspleácha

## Cúlra

Foráiltear leis an Acht nach mór do cheannairí páirtí pharlaimintigh ráiteas faoi aon chaiteachas ón liúntas a ullmhú, nó a chur faoi deara go n-ullmhófar ráiteas den sórt sin, nach mó ná 120 lá tar éis dheireadh na bliana airgeadais inar íocadh liúntas. Ní mór an ráiteas a bheith iniúchta ag iniúchóir poiblí agus ní mór é agus tuarascáil an iniúchóra a chur chuig an gCoimisiún um Chaighdeáin laistigh den tréimhse 120 lá sin. Ní íocfar an liúntas ach amháin i gcás go mbeidh an ráiteas agus tuarascáil an iniúchóra faighte ag an gCoimisiún um Chaighdeáin nach mó ná 120 lá tar éis dheireadh na bliana airgeadais lena mbaineann an ráiteas agus tuarascáil an iniúchóra.

Ba é an 30 Aibreán 2018 an spriocdháta le haghaidh tuairisceáin a fháil don tréimhse tuairiscithe 2017.

Ceanglaíodh ar na ceannairí ar na hocht bpáirtí polaitíochta seo a leanas ráiteas a thabhairt don Choimisiún um Chaighdeáin:

- Fianna Fáil
- Fine Gael
- An Comhaontas Glas
- Neamhspleáigh ar son an Athraithe
- Páirtí an Lucht Oibre
- Sinn Féin
- Na Daonlathaithe Sóisialta
- Dlúthpháirtíocht/Pobal roimh Bhrabús

Ceanglaíodh ar 14 Sheanadóir neamhspleácha agus ar 19 dTeachta Dála neamhspleácha ráiteas a thabhairt don Choimisiún um Chaighdeáin freisin.

De réir an Achta, ní fhéadfar an maoiniú a fuarthas a chur i bhfeidhm i ndáil le speansas toghcháin ná reifrinn. Ní fhéadfar é a úsáid chun speansais den sórt sin a aisghabháil ach oiread. Ceanglaíonn an Coimisiún go luafaidh ceannairí páirtí parlaiminteacha agus comhaltaí neamhspleácha ar a ráiteas caiteachais nár úsáideadh an liúntas chun críocha toghcháin ná reifrinn.

Ní mór don Choimisiún um Chaighdeáin tuarascáil ar na ráitis agus ar na tuarascálacha iniúchóra a fuarthas a thabhairt don Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, agus é ag lua inti:

(i) cé acu a cuireadh nó nár cuireadh na ráitis agus na tuarascálacha iniúchóra isteach faoin teorainn ama shonraithe,

(ii) cé acu atá nó nach bhfuil aon chaiteachas a úsáideadh chun speansais toghcháin nó reifrinn a aisghabháil nochta iontu, agus

(iii) cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann na ráitis alt 10 (e.g. gur íocadh an liúntas de réir na rátaí cuí, etc.) agus alt 10B (gur tugadh ráiteas caiteachais, etc.) den Acht.

Cé is moite de Neamhspleáigh ar son an Athraithe, nach bhfuarthas ráiteas caiteachais/tuarascáil iniúchóra uaidh faoin tráth scríbhneoireacht, is deimhin leis an gCoimisiún um Chaighdeáin gur comhlíonadh na forálacha dá dtagraítear thuas.

Ceanglaítear ar an gCoimisiún um Chaighdeáin cóip dá thuarascáil a thabhairt don Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus í a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas. Ní mór don Choimisiún um Chaighdeáin cóip de na ráitis agus de na tuarascálacha iniúchóra a fuarthas a choinneáil agus ní mór dó iad a chur ar fáil don phobal lena n-iniúchadh agus lena gcóipeáil. Féadfaidh daoine den phobal na ráitis chaiteachais/na tuarascálacha iniúchóra a tugadh don Choimisiún um Chaighdeáin a iniúchadh agus a chóipeáil ag oifigí an Choimisiúin um Chaighdeáin ag 18 Sráid Líosain Íochtarach, Baile Átha Cliath 2. Tá an fhaisnéis sin ar fáil ag www.sipo.ie freisin.

Léirítear i dTábla 1 den Aguisín sonraí faoin maoiniú a bhí ar fáil do na ceannairí Parlaiminteacha ar pháirtithe polaitíochta cáilitheacha faoin Liúntas Gníomhaíochtaí Parlaiminte le linn na bliana 2017.

Léirítear i dTábla 2 den Aguisín an miondealú de réir catagóire agus páirtí polaitíochta ar chaiteachas an Liúntais Ghníomhaíochtaí Parlaiminte sa bhliain 2017.

Léirítear i dTábla 3 den Aguisín sonraí faoin maoiniú a bhí ar fáil do Theachtaí Dála neamhspleácha faoin Liúntas Gníomhaíochtaí Parlaiminte le linn na bliana 2017.

Léirítear i dTábla 4 den Aguisín an miondealú ar chaiteachas an Liúntais Ghníomhaíochtaí Parlaiminte ag gach Teachta Dála neamhspleách le linn na bliana 2017.

Léirítear i dTábla 5 den Aguisín sonraí faoin maoiniú a bhí ar fáil do Sheanadóirí neamhspleácha faoin Liúntas Gníomhaíochtaí Parlaiminte le linn na bliana 2017.

Léirítear i dTábla 6 den Aguisín an miondealú ar chaiteachas an Liúntais Ghníomhaíochtaí Parlaiminte ag gach Seanadóir neamhspleách le linn na bliana 2017.

## Caibidil 3: An Liúntas Gníomhaíochtaí Parlaiminte - rátaí íocaíochta le linn na bliana 2017

Íocann an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe an Liúntas Gníomhaíochtaí Parlaiminte le ceannairí páirtí parlaiminteacha agus le comhaltaí tofa neamhpháirtí den Dáil agus den Seanad.

Ba é seo a leanas an liúntas bliantúil a íocadh le ceannairí páirtí parlaiminteacha i ndáil le comhaltaí de Dháil Éireann –

I gcás páirtithe rialtais –

- €42,912 in aghaidh an chomhalta a toghadh i ndáil leis an gcéad deichniúr comhaltaí,
- €34,329 in aghaidh an chomhalta a toghadh i ndáil leis an 11ú comhalta go dtí an 30ú comhalta, agus
- €17,169 in aghaidh an chomhalta a toghadh i ndáil leis an 30ú comhalta ar aghaidh.

I gcás páirtithe neamhrialtais –

- €64,368 in aghaidh an chomhalta a toghadh i ndáil leis an gcéad deichniúr comhaltaí,
- €51,493 in aghaidh an chomhalta a toghadh i ndáil leis an 11ú comhalta go dtí an 30ú comhalta, agus
- €25,754 in aghaidh an chomhalta a toghadh i ndáil leis an 30ú comhalta ar aghaidh.

Ba é seo a leanas an liúntas bliantúil a íocadh le ceannairí páirtí parlaiminteacha i ndáil le comhaltaí den Seanad –

- €42,089 in aghaidh an chomhalta a toghadh nó a ainmníodh i ndáil leis an gcéad chúigear comhaltaí, agus
- €21,045 in aghaidh an chomhalta a toghadh nó a ainmníodh ón gcéad chúigear comhaltaí ar aghaidh.

Fuair comhaltaí tofa neamhpháirtí de Dháil Éireann liúntas bliantúil €37,037 agus fuair comhaltaí tofa nó ainmnithe neamhpháirtí de Sheanad Éireann liúntas bliantúil €21,045.

B’ionann agus €7,629,193 an maoiniú iomlán a cuireadh ar fáil sa bhliain 2017 do na Ceannairí Páirtí Parlaiminteacha ar na hocht bpáirtí polaitíochta cháilitheacha.

B’ionann agus €703,704 an maoiniú a cuireadh ar fáil do chomhaltaí neamhpháirtí den Dáil sa bhliain 2017.

B’ionann agus €299,891 an maoiniú a cuireadh ar fáil do chomhaltaí neamhpháirtí den Seanad sa bhliain 2017.

De na hocht bpáirtí polaitíochta, na 14 Sheanadóir neamhspleácha agus na 19 dTeachta Dála neamhspleácha a cháiligh le haghaidh íocaíocht an Liúntais Ghníomhaíochtaí Parlaiminte sa bhliain 2017, theip ar cheann amháin an “teorainn ama shonraithe” a chomhlíonadh, mar a bhí an 30 Aibreán 2018.

## Aguisín: Sonraí faoi chistiú agus caiteachas

### Tábla 1 Sonraí faoin maoiniú a bhí ar fáil do na Ceannairí Parlaiminteacha ar pháirtithe polaitíochta cáilitheacha faoin Liúntas Gníomhaíochtaí Parlaiminte le linn na bliana 2017

| Páirtithe Polaitíochta | Iomlán an mhaoinithe a fuarthas do 2017 | Maoiniú a tugadh ar aghaidh ó 2016 | Iomlán an mhaoinithe atá ar fáil do 2017 | Iomlán an chaiteachais 2017 | Iarmhéid a tugadh ar aghaidh go 2018 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Fianna Fáil** | 2,433,946 | 157,233 | 2,591,179 | 2,394,888 | **196,291** |
| **Fine Gael** | 1,964,155 | 280,119 | 2,244,274 | 1,594,772 | **649,502** |
| **An Comhaontas Glas** | 170,825 | 135,203 | 306,028 | 70,675 | **235,353** |
| **Neamhspleáigh ar son an Athraithe** | 257,472 | 90,637 | 348,109 | | |
| **Páirtí an Lucht Oibre** | 657,859 | 792,271 | 1,450,130 | 463,398 | **986,732** |
| **Sinn Féin** | 1,565,624 | 462,283 | 2,027,907 | 1,589,590 | **438,317** |
| **Na Daonlathaithe Sóisialta** | 193,104 | 77,993 | 271,097 | 166,177 | **104,920** |
| **Dlúthpháirtíocht - Pobal roimh Bhrabús** | 386,208 | 51,750 | 437,958 | 332,446 | **105,512** |
| **Iomlán** | **7,629,193** | **2,047,489** | **9,676,682** | **6,611,946** | **2,716,628** |

* Is féidir go mbeidh na hiomláin neamh-chomhsheasmhach de bharr slánú

## Tábla 2 Miondealú de réir catagóire agus páirtí polaitíochta ar chaiteachas an liúntais sa bhliain 2017

| Catagóir | Fianna Fáil | Fine Gael | An Comhaontas Glas | Neamhspleáigh ar son an Athraithe | Páirtí an Lucht Oibre | Sinn Féin | Na Daonlathaithe Sóisialta | Dlúthpháirtíocht – Pobal roimh Bhrabús |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **a** | 2,207,776 | 245,566 | — | | 374,783 | 1,149,659 | 159,095 | 16,471 |
| **b** | — | — | — | | — | — | — | — |
| **c** | 64,980 | 132,798 | 12,750 | | — | 28,013 | — | — |
| **d** | — | 77,775 | — | | 88,615 | 278,551 | 2,783 | — |
| **e** | 58,547 | 54,209 | — | | — | 46,430 | 4,299 | — |
| **f** | — | — | 24,575 | | — | — | — | — |
| **g** | — | 1,084,424 | 33,350 | | — | 86,937 | — | — |
| **h** | 30,000 | — | — | | — | — | — | — |
| **i** | — | — | — | | — | — | — | 315,607 |
| **j** | 33,585 | — | — | | — | — | — | 368 |
| **k** | — | — | — | | — | — | — | — |
| **Iomlán** | **2,394,888** | **1,594,772** | **70,675** | | **463,398** | **1,589,590** | **166,177** | **332,446** |

* Is féidir go mbeidh na hiomláin neamh-chomhsheasmhach de bharr slánú

**Catagóirí caiteachais**

(a) riarachán ginearálta a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí parlaiminte de chuid páirtí cháilithigh;

(b) comhairle theicniúil nó sainchomhairle a sholáthar, ar comhairle í ar dóigh di bheith ag teastáil le haghaidh tograí reachtacha nó tionscnaimh pharlaiminteacha fhéideartha;

(c) taighde agus oiliúint;

(d) ceapadh beartais;

(e) seirbhísí sainchomhairleoireachta a sholáthar, lena n-áirítear seirbhísí caidrimh phoiblí;

(f) suirbhé a dhéanamh ar an bpobal nó dearcadh an phobail a shampláil i ndáil le díospóireachtaí parlaiminteacha nó le tionscnamh parlaiminteacha;

(g) seirbhísí tacaíochta do pháirtí parlaiminteach a cheannach ón bpáirtí;

(h) aon tuarastal nó aon airgead oinigh a íoc le ceannaire parlaiminteach i ndáil le dualgais a eascraíonn as a g(h)níomhaíochtaí mar cheannaire den sórt sin, ar íocaíochtaí iad a bheidh ar leithligh ó aon íocaíochtaí a fhaigheann sé/sí mar chomhalta de Dháil Éireann nó mar shealbhóir oifige Aireachta;

(i) aon tuarastal nó aon airgead oinigh a íoc le haon duine eile i ndáil le dualgais a eascraíonn as gníomhaíochtaí an duine sin i bpáirtí parlaiminteach;

(j) soláthar a dhéanamh do chaiteachas iompair agus pearsanta arna thabhú ag ceannaire parlaiminteach, ag oifigigh nó ag urlabhra páirtí pharlaimintigh a bhaineann leis an bhfeidhm páirtí pharlaimintigh atá acu, nó caiteachas den sórt sin a aisghabháil;

(k) siamsaíocht.

Tábla 3 Sonraí faoin maoiniú a bhí ar fáil do Theachtaí Dála neamhspleácha faoin Liúntas Gníomhaíochtaí Parlaiminte le linn na bliana 2017

| Ainm an TD | Iomlán an mhaoinithe a fuarthas do 2017 | Maoiniú a tugadh ar aghaidh ó 2016 | Iomlán an mhaoinithe atá ar fáil do 2017 | Iomlán an chaiteachais 2017 | Iarmhéid a tugadh ar aghaidh go 2018 |
|---|---|---|---|---|---|
| Canney, Seán | 37,037 | 19,815 | 56,852 | 33,561 | **23,291** |
| Collins, Michael | 37,037 | — | 37,037 | 37,040 | — |
| Connolly, Catherine | 37,037 | 30,364 | 67,401 | 18,668 | **48,733** |
| Fitzmaurice, Michael | 37,037 | 13,509 | 50,546 | 30,002 | **20,544** |
| Grealish, Noel | 37,037 | 22,989 | 60,026 | 23,073 | **36,953** |
| Halligan, John | 37,037 | 1,239 | 38,276 | 37,212 | **1,064** |
| Harty, Michael | 37,037 | 24,264 | 61,301 | 21,000 | **40,301** |
| Healy, Seamus | 37,037 | 17,749 | 54,786 | 29,060 | **25,727** |
| Healy Rae, Danny | 37,037 | 903 | 37,940 | 24,159 | **13,781** |
| Healy Rae, Michael | 37,037 | 15,328 | 52,365 | 30,428 | **21,937** |
| Lowry, Michael | 37,037 | 44,629 | 81,666 | 57,307 | **24,359** |
| McGrath, Finian | 37,037 | 31,409 | 68,446 | 25,692 | **42,754** |
| McGrath, Mattie | 37,037 | 25,048 | 62,085 | 17,203 | **44,882** |
| Moran, Kevin | 37,037 | 5,255 | 42,292 | 35,983 | **6,309** |
| Naughten, Denis | 37,037 | 14,404 | 51,441 | 16,341 | **35,100** |
| O'Sullivan, Maureen | 37,037 | 27,839 | 64,876 | 22,605 | **42,271** |
| Pringle, Thomas | 37,037 | 10,740 | 47,777 | 41,276 | **6,501** |
| Ross, Shane | 37,037 | 40,623 | 77,660 | 28,366 | **49,293** |
| Zappone, Katherine | 37,037 | — | 37,037 | 35,501 | **1,536** |
| **Iomlán** | **703,704** | **346,107** | **1,049,811** | **564,477** | **485,337** |

* Is féidir go mbeidh na hiomláin neamh-chomhsheasmhach de bharr slánú

## Tábla 4 Miondealú ar chaiteachas an Liúntais Ghníomhaíochtaí Parlaiminte ag gach Teachta Dála neamhspleách le linn na bliana 2017

| Catagóir | a | b | c | d | e | f | Iomlán | Iarmhéid a tugadh ar aghaidh go 2018 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Canney, Seán | — | 28,476 | 3,184 | 1,230 | — | 671 | **33,561** | **23,291** |
| Collins, Michael | 10,492 | 8,113 | 9,961 | 6,332 | 2,143 | — | **37,040** | — |
| Connolly, Catherine | — | 18,668 | — | — | — | — | **18,668** | **48,733** |
| Fitzmaurice, Michael | — | 6,800 | 7,252 | 15,950 | — | — | **30,002** | **20,544** |
| Grealish, Noel | 246 | — | 6,127 | 16,700 | — | — | **23,073** | **36,953** |
| Halligan, John | 6,600 | 11,070 | 1,900 | 5,987 | 7,170 | 4,485 | **37,212** | **1,064** |
| Harty, Michael | — | — | — | 21,000 | — | — | **21,000** | **40,301** |
| Healy, Seamus | 28,369 | — | — | 590 | — | 100 | **29,060** | **25,727** |
| Healy Rae, Danny | — | 7,801 | 11,484 | 4,551 | — | 323 | **24,159** | **13,781** |
| Healy Rae, Michael | — | 28,368 | 1,188 | 492 | — | 379 | **30,428** | **21,937** |
| Lowry, Michael | — | 28,905 | — | 28,402 | — | — | **57,307** | **24,359** |
| McGrath, Finian | 11,993 | 25 | — | 1,910 | 10,148 | 1,616 | **25,692** | **42,754** |
| McGrath, Mattie | 4,837 | 701 | 8,980 | 1,098 | — | 1,587 | **17,203** | **44,882** |
| Moran, Kevin | — | 21,489 | 190 | 308 | 11,548 | 2,448 | **35,983** | **6,309** |
| Naughten, Denis | 2,330 | 1,650 | 12,361 | — | — | — | **16,341** | **35,100** |
| O'Sullivan, Maureen | 15,343 | 5,930 | 20 | 590 | — | 722 | **22,605** | **42,271** |
| Pringle, Thomas | 1,800 | 19,412 | 20,064 | — | — | — | **41,276** | **6,501** |
| Ross, Shane | — | 580 | — | 9,631 | 10,640 | 7,515 | **28,366** | **49,293** |
| Zappone, Katherine | — | 318 | — | 31,829 | — | 3,354 | **35,501** | **1,536** |
| **Iomlán** | **82,010** | **188,307** | **82,711** | **146,601** | **41,648** | **23,200** | **564,477** | **485,337** |

* Is féidir go mbeidh na hiomláin neamh-chomhsheasmhach de bharr slánú

**Catagóirí caiteachais**

(a) comhairle theicniúil nó sainchomhairle a sholáthar, ar comhairle í ar dóigh di bheith ag teastáil le haghaidh tograí reachtacha nó tionscnaimh pharlaiminteacha fhéideartha;

(b) taighde agus oiliúint;

(c) ceapadh beartais;

(d) seirbhísí sainchomhairleoireachta a sholáthar, lena n-áirítear seirbhísí caidrimh phoiblí;

(e) suirbhé a dhéanamh ar an bpobal nó dearcadh an phobail a shampláil i ndáil le díospóireachtaí parlaiminteacha nó le tionscnamh parlaiminteacha; agus

(f) siamsaíocht.

## Tábla 5 Sonraí faoin maoiniú a bhí ar fáil do chomhaltaí neamhspleácha den Seanad faoin Liúntas Gníomhaíochtaí Parlaiminte le linn na bliana 2017

| Ainm an tSeanadóra | Iomlán an mhaoinithe a fuarthas do 2017 | Maoiniú a tugadh ar aghaidh ó 2016 | Iomlán an mhaoinithe atá ar fáil do 2017 | Iomlán an chaiteachais 2017 | Iarmhéid a tugadh ar aghaidh go 2018 |
|---|---|---|---|---|---|
| Black, Frances | 21,045 | 9,565 | 30,610 | 1,658 | 28,952 |
| Boyhan, Victor | 21,045 | 8,943 | 29,988 | 9,010 | 20,977 |
| Craughwell, Gerard | 21,045 | 9,573 | 30,618 | 21,293 | 9,325 |
| Dolan, John | 21,045 | 13,484 | 34,529 | 7,447 | 27,082 |
| Freeman, Joan | 21,045 | 1,662 | 22,707 | 22,707 | — |
| Higgins, Alice Mary | 21,045 | 7,827 | 28,872 | 3,053 | 25,819 |
| Kelleher,** Collette | 26,306 | — | 26,306 | 12,119 | 14,187 |
| Lawless, Billy | 21,045 | 7,238 | 28,283 | 19,908 | 8,374 |
| McDowell, Michael | 21,045 | 12,594 | 33,639 | 966 | 32,674 |
| Mullen, Rónán | 21,045 | — | 21,045 | 21,045 | — |
| Norris, David | 21,045 | 25,985 | 47,030 | 19,997 | 27,033 |
| Ó Ceidigh, Pádraig | 21,045 | 7,226 | 28,271 | 5,676 | 22,595 |
| O'Donnell, Marie Louise | 21,045 | 6,267 | 27,312 | 17,329 | 9,983 |
| Ruane, Lynn | 21,045 | 3,617 | 24,662 | 20,678 | 3,984 |
| **Iomlán** | **299,891** | **113,981** | **413,872** | **182,886** | **230,986** |

* Is féidir go mbeidh na hiomláin neamh-chomhsheasmhach de bharr slánú

** Baineann an barrachas €21,054 le riaráistí don bhliain 2016

## Tábla 6 Miondealú ar chaiteachas an Liúntais Ghníomhaíochtaí Parlaiminte ag gach comhalta neamhspleách den Seanad le linn na bliana 2017

| Catagóir | a | b | c | d | e | f | Eile | Iomlán | Iarmhéid a tugadh ar aghaidh go 2018 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Black, Frances | 20 | 120 | 1,087 | 431 | — | — | — | **1,658** | **28,952** |
| Boyhan, Victor | 931 | 615 | 7,465 | — | — | — | — | **9,010** | **20,977** |
| Craughwell, Gerard | 3,329 | 2,114 | 15,480 | 75 | — | 295 | — | **21,293** | **9,325** |
| Dolan, John | 902 | 25 | 1,354 | 5,166 | — | — | — | **7,447** | **27,082** |
| Freeman, Joan | 22,707 | — | — | — | — | — | — | **22,707** | — |
| Higgins, Alice Mary | 768 | 654 | 1,109 | 512 | — | — | 9 | **3,053** | **25,819** |
| Kelleher, Collette | 1,071 | 4,528 | 6,520 | — | — | — | — | **12,119** | **14,187** |
| Lawless, Billy | 9,931 | — | 9,000 | — | — | 978 | — | **19,908** | **8,374** |
| McDowell, Michael | 500 | — | — | 431 | — | 35 | — | **966** | **32,674** |
| Mullen, Rónán | 4,042 | 12,190 | 4,664 | — | — | 149 | — | **21,045** | — |
| Norris, David | — | — | — | 19,997 | — | — | — | **19,997** | **27,033** |
| Ó Ceidigh, Pádraig | 500 | 2,420 | — | 91 | — | 2,666 | — | **5,676** | **22,595** |
| O'Donnell, Marie Louise | — | 10,820 | 4,964 | 1,385 | — | 159 | — | **17,329** | **9,983** |
| Ruane, Lynn | 2,000 | 7,439 | 9,174 | 2,031 | — | — | 34 | **20,678** | **3,984** |
| **Iomlán** | **46,701** | **40,926** | **60,817** | **30,119** | **—** | **4,281** | **43** | **182,886** | **230,986** |

* Is féidir go mbeidh na hiomláin neamh-chomhsheasmhach de bharr slánú

### Catagóirí caiteachais

(a) comhairle theicniúil nó sainchomhairle a sholáthar, ar comhairle í ar dóigh di bheith ag teastáil le haghaidh tograí reachtacha nó tionscnaimh pharlaiminteacha fhéideartha;

(b) taighde agus oiliúint;

(c) ceapadh beartais;

(d) seirbhísí sainchomhairleoireachta a sholáthar, lena n-áirítear seirbhísí caidrimh phoiblí;

(e) suirbhé a dhéanamh ar an bpobal nó dearcadh an phobail a shampláil i ndáil le díospóireachtaí parlaiminteacha nó le tionscnamh pharlaiminteacha;

(f) siamsaíocht.